An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Ceol

## LEABHRÁN ACMHAINNÍ

## 2018 - 2019

## Gníomhaíocht 1: Déan machnamh ar na ráitis seo a leanas agus cuir tic ag léiriú cé acu a n-aontaíonn tú nó a n-easaontaíonn tú leo

| Teagasc, Foghlaim agus Measúnú sa Cheol | | |
|---|---|---|
| **Aontaím** | **Ráiteas** | **Easaontaím** |
| | Teach the thing before the sign *(Sound before Symbol)* | |
| | Leave out all exceptions and anomalies until the general rule is understood | |
| | Proceed from the known to the unknown | |
| | Let each lesson, as far as possible, rise out of that which goes before, and lead up to that which follows | |
| | Call in the understanding to help the skill at every step | |
| | Let the first impression be a correct one; leave no room for misunderstanding | |
| | Never tell a pupil anything that you can help him to discover for himself | |
| | Let the pupil, as soon as possible, derive some pleasure from his knowledge. Interest can only be kept up by a sense of growth in independent power | |

## PRÍOMHDHOICIMÉID




***Creat don tSraith Shóisearach (2015)***




***Ceol na Sraithe Sóisearaí***




***Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe***

# Ceol na Sraithe Sóisearaí Torthaí Foghlama

| Gnéithe \ Snaitheanna | Eolas gnásúil | Nuáil agus samhlaigh | Cultúr agus Comhthéacs |
|---|---|---|---|
| **Cruthú agus iniúchadh** | 1.1 míreanna gairide ceoil a chumadh, a chur i láthair nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónacha a chruthú lena dtionlacan<br>1.2 píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach<br>1.3 tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin<br>1.4 cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise | 2.1 triail a bhaint agus tobchumadh a dhéanamh as cineálacha éagsúla fuaimeanna ar fhoinse fuaime agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin<br>2.2 ráiteas ceoil (amhail rapcheol nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist tráthúil nó imeacht reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile<br>2.3 sleachta/móitífeanna/téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú | 3.1 comhoibriú le scoláirí eile agus le piaraí chun seinnliosta agus sraith taifeadtaí a dhéanamh le himeacht stairiúil áitiúil nó imeacht comórtha pobail a thionlacan<br>3.2 scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ceol chun carachtair a mhealladh, a gcaidrimh agus a gcuid mothúcháin, de réir mar a iniúchtar é sa cheol uirliseach ó sheánraí éagsúla<br>3.3 staidéar a dhéanamh ar stíl chomhaimseartha nó stairiúil ceoil faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi |
| **Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil** | 1.5 léamh, léirmhíniú agus seinm ó léirithe siombalacha fuaimeanna<br>1.6 éisteacht le míreanna rithimeacha suas le ceithre bharra agus míreanna séise suas le dhá bharr agus iad a thras-scríobh<br>1.7 ceol a chur i láthair ar an spota trí mhíreanna rithimeacha séiseacha a sheinn, a chasadh nó a bhualadh<br>1.8 píosaí ceoil ina n-úsáidtear gléasanna agus uigeachtaí struchtúracha comhchoiteanna a chleachtadh agus a thaibhiú<br>1.9 tuiscint a léiriú ar réimse méadar agus buillí trí úsáid a bhaint as cnagadh coirp agus bealaí gluaiseachta eile | 2.4 amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé<br>2.5 saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl<br>2.6 ostianto rithimeach nó séise a chumadh agus sraitheanna fuaime a chur leis thar an bpatrún nuair a sheinntear arís é, an uigeacht a éagsúlú chun píosa mothaithe a chruthú chun gearrthán scannáin nó seicheamh íomhánna a thionlacan.<br>2.7 roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus fuaimeanna a thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú | 3.4 glicín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh<br>3.5 samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla |
| **Breithmheas agus freagairt a thabhairt** | 1.10 plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil áitiúil nó sa phobal<br>1.11 struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc<br>1.12 a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán<br>1.13 comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile<br>1.14 comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla | 2.8 anailís a dhéanamh ar struchtúr cordúil sleachta ó réimse amhrán agus liosta amhrán a chur le chéile ina mbeidh struchtúir agus réimnithe corda comhchosúla<br>2.9 idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh<br>2.10 sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú<br>2.11 measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an dóigh a measúnaímid an ceol; bealaí a mholadh lenar féidir ceol an scoláire agus ceol scoláirí eile a chomhroinnt chun lucht éisteachta/féachana domhanda a shroicheadh | 3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs<br>3.7 píosaí le beirt chumadóirí Éireannacha nó níos mó a chur i gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) agus míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha<br>3.8 fógra faoi leith a roghnú agus anailís a dhéanamh ar an ról atá ag an gceol maidir le tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn<br>3.9 scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (e.g. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu<br>3.10 plé a dhéanamh ar phrionsabal na gceart ceoil agus míniú a thabhairt maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar chomhroinnt agus ar fhoilsiú an cheoil<br>3.11 iniúchadh a dhéanamh ar an am a thugtar d'ealaíontóirí agus taibheoirí Éireannacha ar na meáin éagsúla áitiúla nó náisiúnta Éireannacha agus na torthaí sin a chur i láthair sa rang |

# Gluais de bhriathra gnímh

Sainmhínithe + Torthaí foghlama ábhartha

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Oiriúnú** 2.3
Rud éigin a dhéanamh oiriúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua

**Anailísigh** 2.8 3.3 3.8
Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Ceangail a dhéanamh** 3.6
Ceangal a dhéanamh nó rud a dhéanamh bainteach; rud éigin a thabhairt le chéile agus bheith ina chúis le freagairt a thabhairt

**Déan comparáid** 1.13 1.14 3.7
Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd

**Cum** 1.1 3.4
Saothar ealaíne a scríobh nó a chruthú, go háirithe ceol nó filíocht

**Cruthaigh** 1.2 2.2 2.7
Rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine

**Taispeáin** 1.9
Rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

**Cuir síos** 3.3 3.7
Rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile

**Dearadh** 1.3 2.6
Rud éigin a dhéanamh nó a phleanáil do chuspóir faoi leith

**Forbair** 2.10
Rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion

**Ceap** 3.5
Rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana

**Pléigh** 1.10 2.4 3.10
Athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

**Idirdhealaigh** 2.9
Na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir

**Measúnaigh (faisnéis)** 3.9
Faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** 2.11
Fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Scrúdaigh** 3.2
Argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh

**Bain triail** 2.1
Triail agus tástáil a dhéanamh, chun rud éigin nua a fhionnachtain nó le rud éigin a chruthú

**Mínigh** 3.7 3.10
Mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Fiosraigh** 3.11
Dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

**Sainaithin** 2.4 2.9
Patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Léirigh** 1.11 2.7
líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin

**Tobsmaointeoireacht a dhéanamh** 1.3 2.1
Ceol a chruthú agus a thaibhiú gan réamhsmaoineamh nó nár ullmhaíodh dó roimhe sin; rud a léiriú nó a dhéanamh as cibé rud atá ar fáil

**Léirmhínigh** 1.5 2.4 3.2
Eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Léirigh** 1.4 1.12
Rud a léirigh nó a lua; aird a tharraing ar rud

**Iniúch** 3.9
Anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Cosain** 3.6
Cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

**Cuir i láthair** 1.2 2.4 2.7 3.11
Rud a thabhairt leat, a thairiscint thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí

**Mol** 2.9 2.11
Rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh

**Beachtaigh** 2.5
Feabhas a dhéanamh trí idirdhealuithe mine nó gnéithe ceoil a chur isteach

**Cleacht** 1.8 2.4 2.5
Cleacht dráma, píosa ceoil, nó saothar eile do thaibhiú poiblí níos déanaí

**Tras-scríobh** 1.6
Smaointe, urlabhra, sonraí a chur isteach i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; an méid a chloistear i gcarachtair nó in abairtí a scríobh síos

**Úsáid** 1.9 2.10 3.7
eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh

**TRÍ SNÁITHEANNA**

Eolas gnásúil

Nuáil agus samhlaigh

Cultúr agus comhthéacs

An tSonraíocht Cheoil Ar fail ag:
www.curriculumonline.ie

Acmhainní ceol ar fail ag:
www.jct.ie/music/music

# PLEANÁIL DON FHOGHLAIM AGUS AN TSONRAÍOCHT IN ÚSÁID

## Trasna na dtrí shnáithe chomhtháite

**Trí snáitheanna comhtháite**



**EOLAS GNÁSÚIL**

Litearthacht an cheoil a fhorbairt mar aon le scileanna teicniúla, éisteachta, anailíseacha agus nodaireachta as a dtiocfaidh tuiscint an cheoil



**NUÁIL AGUS SAMHLAIGH**

Tuiscint ar fhuaimeanna a fhorbairt mar dhóigh chun smaointe a cheapadh agus chun mothúcháin a chur in iúl



**CULTÚR AGUS COMHTHÉACS**

Tuiscint a fhorbairt ar cheol ón seanam agus san am i láthair agus ar an gcaoi a léiríonn ceol an cultúr ina gcruthaítear agus a seinntear é agus ina n-éistear leis agus a dtagann sé faoina anáil

## Ar fud na dtrí ghné chomhtháithe

### CRUTHÚ AGUS INIÚCHADH

**Tuiscint scoláirí a fhorbairt ar an dóigh a gcruthaítear ceol trí thástáil, tobchumadh, tuiscint agus cuardach**

### RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS DÉANAMH CEOIL

**Seinneann scoláirí mar mhodh chun a dtuiscint ar an gceol a thaispeáint trí chumarsáid, líofacht, smacht teicniúil, réamhchleachtadh, athbhreithniú, cóiriú agus léiriú**

### BREITHMHEAS AGUS FREAGAIRT A THABHAIRT

**Forbraíonn siad scileanna éisteachta scoláirí chun anailís, comparáid agus breithmheas a dhéanamh ar cheol trí chritíc a dhéanamh, aithris a dhéanamh, tuairimí a chosaint, bonn eolais a chur faoi chinneadh, mothúcháin a léiriú agus léirithe a fheabhsú**

# LÉARGAS GINEARÁLTA AR PHLEANÁIL DON FHOGHLAIM

Leibhéal na Roi

## FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

Ón liosta de thorthaí foghlama atá nasctha thar na trí shnáithe idircheangailte, sainaithin na codanna sin de na torthaí foghlama a bheidh mar bhunús don fhoghlaim don aois agus don staid foghlama ag a bhfuil do chuid scoláirí

## FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE

An fhoghlaim a bheidh na scoláirí in inmhe a léiriú ag deireadh an aonaid fhoghlama seo

## FIANAISE AR FHOGHLAIM

Is í sin na deiseanna a thugaimid do dhaltaí chun a bhfuil ar eolas acu, a dtuigeann siad agus a bhfuil siad ábalta a dhéanamh leis an bhfoghlaim atá beartaithe a léiriú

## EISPÉIRIS FOGHLAMA

Is iadsan na gníomhaíochtaí ina mbeidh na scoláirí rannpháirteach chun an fhoghlaim atá beartaithe a bhaint amach

Pleanádon Mhúin

## INTINNÍ FOGHLAMA

Is ráitis iad, i gcomhair ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos ar cad é is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad, agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

## CRITÉIR RATHA

Is ráitis iad a fhorbraíonn an múinteoir/na scoláirí ina gcuirtear síos ar na comharthaí sóirt a bhainfidh le hobair rathúil agus cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a thabhairt maidir le cáilíocht na foghlama.

## MACHNAMH

Ar tharla an fhoghlaim? Cad é a d'oibrigh go maith?
Na dúshláin? Na deiseanna?
Cad é? Cad is brí leis sin? Cad í an chéad chéim eile?

# AG PLEANÁIL DON FHOGHLAIM: LEIBHÉAL NA ROINNE

Intinn Foghlama: Ag obair le chéile inniu, beimid in inmhe…




Tuiscint a fhorbairt ar phleanáil éifeachtach ag leibhéal na roinne agus ag an leibhéal aonair

## Gníomhaíocht 2: Fócas ar na Torthaí Foghlama

## Codanna de na Torthaí Foghlama a shainaithint a chuir bonn eolais faoin bhfoghlaim san eispéireas foghlama seo

## *Hallelujah!*



**AONAD FOGHLAMA - Comhrá na Roinne** | **TEIMPLÉAD PLEANÁLA SAMPLACH**

**FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA**

***Bain úsáid as an liosta de Thorthaí Foghlama nasctha a baineadh as Eagraí na dTorthaí Foghlama. Sonraigh na codanna de na torthaí foghlama sin a bheidh ina gcuid den fhoghlaim don aonad seo***

**FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE – Cén fhoghlaim atá i gceist?**

***An fhoghlaim a bheidh ar chumas na scoláirí a léiriú ag deireadh an aonaid seo***

**EISPÉIRIS FOGHLAMA – CONAS a tharlóidh an fhoghlaim seo?**

***Gníomhaíochtaí foghlama a mbeidh na scoláirí rannpháirteach iontu chun an fhoghlaim atá beartaithe a dhéanamh***

**Gnéithe:**

**Briathra Gnímh:**

**FIANAISE AR FHOGHLAIM – Conas a bhíonn A FHIOS AGAM gur tharla an fhoghlaim?**

***Na deiseanna a sholáthraímid do scoláirí chun a bhfuil ar eolas acu, a dtuigeann siad agus a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh leis an bhfoghlaim atá beartaithe, a léiriú***

**ACMHAINNÍ**

***Míreanna ceoil, cleachtaí, uirlisí, teicneolaíocht, bogearraí srl***

**MACHNAMH**

***Ar tharla an fhoghlaim?***
***Cad é a d'oibrigh go maith?***
***Na dúshláin? Na deiseanna?***

**Cad é an chéad aonad foghlama eile a rachaidh na scoláirí i ngleic leis?**

***Cad é an chéad Aonad Foghlama eile a rachaidh na scoláirí i ngleic leis?***

## AONAD FOGHLAMA - Comhrá na Roinne

## TEIMPLÉAD PLEANÁLA SAMPLACH

## FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

1.5 **léamh, léirmhíniú** agus seinm ó **léirithe siombalacha fuaimeanna**

1.6 **éisteacht** le míreanna rithimeacha suas le ceithre bharra agus **míreanna séise suas le dhá bharr** agus **iad a thras-scríobh**

1.7 **ceol a chur i láthair ar an spota** trí **mhíreanna** rithimeacha **séiseacha** a sheinn, a chasadh nó a bhualadh

1.9 **tuiscint a léiriú ar** réimse **méadar** agus buillí trí úsáid a bhaint as cnagadh coirp agus bealaí gluaiseachta eile

2.3 sleachta/móitífeanna/**téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú**, stíl, nó **armóin bhunaidh a athrú**

2.4 **amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair;** na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé

3.3 **staidéar a dhéanamh ar stíl** chomhaimseartha nó **stairiúil ceoil** faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi

3.4 glicín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta **a thaifeadadh**

## FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE – Cén fhoghlaim atá i gceist?

## EISPÉIRIS FOGHLAMA – CONAS a tharlóidh an fhoghlaim seo?

## Gnéithe:

## Briathra Gnímh:

## FIANAISE AR FHOGHLAIM – Conas a bhíonn A FHIOS AGAM gur tharla an fhoghlaim?

## ACMHAINNÍ

## MACHNAMH

## Cad é an chéad aonad foghlama eile a rachaidh na scoláirí i ngleic leis?

# PLEANÁIL DON FHOGHLAIM

# AG PLEANÁIL DON FHOGHLAIM:AN MÚINTEOIR AONAIR

## Sainmhíniú ar Intinní Foghlama

*‘Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir ar cad é is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad, agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama’.*




## Beidh na hIntinní Foghlama…

- Ag díriú ar an bhfoghlaim agus ní ar an ngníomh
- Ag díriú ar an bhfoghlaim seachas ar an ngníomh
- Nasctha i gcónaí leis an bhfoghlaim atá beartaithe
- Scríofa i dteanga a úsáideann agus a thuigeann scoláirí
- SMART
- Ag díriú ar a mbeidh ar eolas ag na scoláirí faoi dheireadh an cheachta
- Leathan go leor chun nach gcuirfidh siad aon teorainn leis an réimse leathan eispéiris foghlama

**S**PECIFIC
**M**EASURABLE
**A**CHIEVABLE
**R**EALISTIC
**T**IMED

**Táimid ag foghlaim conas…**

- An mothú a bhaineann le píosa ceoil atá ann cheana féin a fhorbairt agus a athrú
- Rud a chluinimid a sheinm
- Réimse de rithimí agus d'fhoinn a scríobh, a léamh agus a léiriú
- Patrúin inár gcuid ceoil a aithint agus a úsáid
- A bheith ag comhoibriú chun píosa ceoil a chleachtadh agus a chur i láthair
- Na scileanna léiriúcháin atá riachtanach chun mo chuidse ceoil a léiriú a fhorbairt
- Saintréithe a bhaineann le stíl cheoil a aithint, feasacht agus tuiscint ar cheol ón am a chuaigh thart agus ón am i láthair a fhorbairt
- Foclóir oiriúnach a úsáid chun ár dtuairimí a chur i láthair agus ár gcuid oibre a phlé
- Sonraí ceoil a iontráil agus an fheidhm taifid agus athsheanma a úsáid inár dTeicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama (TDF).

# PLEANÁIL DON FHOGHLAIM: AN MÚINTEOIR AONAIR

## Sainmhíniú ar Chritéir ratha

*'Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar a bhfuil i gceist le hiarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.'*




## Critéir ratha…

- Déanfaidh siad nasc i gcónaí leis na hintinní foghlama
- Beidh siad sainiúil don ghníomhaíocht
- Comhchruthófar leis na scoláirí iad
- Déanfaidh siad scafláil ar an bhfoghlaim le linn na gníomhaíochta
- Beidh siad mar bhunús leis an aiseolas, piarmheasúnú agus féinmheasúnú

## Gníomhaíocht 3: Dhá Chritéar Ratha fhéideartha a chumadh le haghaidh an eispéiris fhoghlama Hallelujah

*Tá mé ábalta…*

*Tá mé ábalta…*

# MEASÚNÚ FOIRMITHEACH I DO RANG

## Dearadh Ceistiú Éifeachtach chun ….




- An leibhéal tuisceana atá ann cheana féin a shainaithint
- An fhoghlaim a fhorbairt agus a dhoimhniú
- Bonn a chur faoin bhfoghlaim amach anseo

## Baineann Ceistiú Éifeachtach le:

... ceisteanna níos fearr á gcur

- Níos lú ceisteanna a chur
- Ceisteanna níos 'oscailte' a chur
- Ceisteanna difreáilte a chur
- Ceisteanna a chur i seicheamh
- Príomhcheisteanna a ullmhú

... ceisteanna a chur ar bhealach áirithe chun

- Go míníonn agus go gcosnaíonn an foghlaimeoir a fhreagra
- Go mbíonn an rang iomlán rannpháirteach
- Smaoinigh, Péireáil, Roinn
- 'Gan aon Lámh a bheith in airde'

## Comhrá Measúnaithe

- Téann scoláirí i dtaithí ar intinní foghlama agus ar chritéir ratha
- Baineann sé seo le beartú spriocanna, monatóireacht, machnamh agus aiseolas ar dhul chun cinn
- Tacaíonn sé seo le húinéireacht agus le freagracht scoláirí as an bhfoghlaim
- Tarlaíonn sé trí phróiseas foghlama ón tús agus leanann ar aghaidh comh fada leis na hócáidí suimitheacha
- Bailítear é ar a lán bealaí éagsúla: punanna, breathnóireacht, tascanna
- Leagann sé béim ar láidreachtaí, aithníonn dúshláin agus treoraíonn chuig na chéad chéimeanna eile
- Cuireann sé ar chumas múinteoirí a gcuid teagaisc a choigeartú chun scoláirí a choinneáil ar an mbealach ceart

## Gníomhaíocht 4: Freagair na ceisteanna seo a leanas

Tabhair sampla amháin den chaoi a n-úsáideann tú measúnú foirmitheach i do rang ceoil

______________________________________________

______________________________________________

Cén chaoi a gcabhraíonn sé seo le foghlaim scoláire?

______________________________________________

Cén chaoi a bhfuil sé difriúil le measúnú suimitheach?

______________________________________________



# CEISTIÚ ÉIFEACHTACH SA RANG CEOIL

## Níl an liosta ceisteanna seo uileghabhálach ná saintreorach

| LEARNING IN THE MUSIC CLASSROOM | | | |
|---|---|---|---|
| Cognitive Objective | Possible Action Verbs | Links to Thinking | Possible Questions |
| **KNOWLEDGE**<br>*Remembering* | Associate<br>Describe<br>Identify<br>Match | Students are more likely to retain information if it is needed for a specific task and linked to other relevant information. Do your questions in this area allow students to link aspects of knowledge necessary for the task? | • Name the instruments playing the melody<br>• What is a repeated pattern called?<br>• Where on the score would find the time signature?<br>• Who is the intended audience for this piece of music?<br>• What type of instrumental or vocal piece is this?<br>• Who is the composer/songwriter of this piece? |
| **COMPREHENSION**<br>*Understanding* | Demonstrate<br>Discuss<br>Explain<br>Indicate<br>Interpret<br>Illustrate | Comprehension questions require students to process knowledge they already have to answer the question. They demand a higher level of thinking and information processing than do knowledge questions. | • What are features of the Baroque period?<br>• Why is reverb often added to vocals in a pop song?<br>• Why do you think all the violinists sit together in the orchestra?<br>• What kind of notation/sound symbols will be most suitable?<br>• Why did the composer/songwriter write this music? |
| **APPLICATION**<br>*Applying* | Apply<br>Investigate<br>Present<br>Refine<br>Use | Questions in this area require students to use their existing knowledge and understanding to solve a new problem or to make sense of new learning. Students are more likely to be able to apply knowledge to a new context if it is linked to prior learning experiences. | • Where else could we develop the use of the ostinato pattern in our piece?<br>• Is it possible to use some of the verse or chorus as an introduction?<br>• What other chords could we use with this melody?<br>• What processing effects could be added to your composition?<br>• Who are some famous exponents of this type of traditional or folk music? |
| **ANALYSIS**<br>*Analysing* | Analyse<br>Compare<br>Distinguish<br>Explore<br>Examine<br>Rehearse | Analysis questions require students to break down what they have already learned and reassemble it to help them solve a problem. These questions are linked to more abstract, conceptual thought, which is central to the process of creativity. | • What is the function of the ostinato in this dance music?<br>• Why does the composer modulate to the relative minor in this piece of music?<br>• What structural approach is the most suitable for your composition?<br>• What was happening in the composer's country at the time of this composition? |
| **SYNTHESIS**<br>*Creating* | Create<br>Compose<br>Design<br>Develop<br>Devise<br>Propose<br>Transcribe | Synthesis questions demand that students combine and select from all their learning to respond to a new context. There is likely to be a great diversity of responses. | • Can you suggest a different ending within the melody of this piece?<br>• Can you reorganise the form of this piece?<br>• Will the composition focus on melodic, harmonic, or rhythmic concepts?<br>• Is this piece typical of the time it was written or collected in?<br>• What do I want the attention of the listener to be guided towards? |
| **EVALUATION**<br>*Evaluating* | Appraise<br>Evaluate<br>Improvise<br>Justify | Evaluation questions expect students to use their knowledge to form judgements and be able to defend the positions they take.<br>Evaluation questions demand complex thinking and reasoning. | • Can you justify why you have finished your piece so abruptly?<br>• What style or genre best matches your composition?<br>• What is the most interesting moment in this piece for me?<br>• What is or where is my favourite section of this piece? |

## Gníomhaíocht 5: Smaoinigh siar ar an rang ceoil deireanach a bhí agat le lucht na chéad bhliana agus freagair na ceisteanna seo a leanas…

| Foghlaim atá beartaithe | Ceisteanna a cuireadh | Tionchar ar an bhFoghlaim |
|---|---|---|
| Gnéithe Séiseacha | Cén t-ainm a thugtar ar phatrún séiseach athsheinnte? | Cuimhneamh ar eolas faoi ghnéithe ceoil ón gceacht roimhe sin |
| | | |
| | | |

## Gníomhaíocht 6: An tuiscint atá againn a dhaingniú ar thábhacht Measúnú Foirmitheach mar thaca don fhoghlaim



# NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE A CHUR I NGNÍOMH I DO CHLEACHTAS

## Measúnuithe Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta

Céiliúradh a dhéanamh ar éachtaí mar chruthaitheoirí ceoil

Smaoineamh a fhorbairt ó cheapadh go réadú

Téir sa seans, iniúch deiseanna nua

Déan machnamh ar an bpróiseas cruthaitheach

Roghnóidh an scoláire dhá phíosa ón bpunann chumadóireachta don mheasúnú

Stíl /seánra ar bith ceoil, taibhiú uirlise nó gutha, aonair agus/nó grúpa

Curtha i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, fhíseach nó fhuaime

Athmhachnamh an scoláire

## Scoláirí a ullmhú/ Roghanna a dhéanamh/ Ceisteanna do scoláirí chun machnamh a dhéanamh orthu:

Cén lucht éisteachta a bheidh ag an saothar seo?

Cén cineál nodaireachta/siombailí ceoil is oiriúnaí?

Cad iad na huirlisí nó guthanna is fearr don saothar cumadóireachta seo?

Cén stíl nó seánra is fearr a thagann leis an saothar seo?

An ndíreoidh an saothar cumadóireachta ar ghnéithe séise, armónacha nó rithimeacha?

Cén cur chuige struchtúrtha is oiriúnaí?

Cén cineál éifeachtaí próiseála, nó éifeachtaí gutha, a d'fhéadfaí a chur leis an saothar cumadóireachta?

## Gníomhaíocht 7: Do chuid tuairimí a roinnt…

| MRB1: Punann Chumadóireachta | |
|---|---|
| **Deiseanna** | **Dúshláin** |
| | |

# FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

## Gníomhaíocht 8: Folínigh an fhoghlaim ó na Torthaí Foghlama seo gur féidir a chloisteáil sa dréacht seo

| Measúnú Rangbhunaithe: Punann Chumadóireachta | | |
|---|---|---|
| **Eolas gnásúil** | **Nuáil agus samhlaigh** | **Cultúr agus comhthéacs** |
| **1.1** míreanna gairide ceoil a chumadh agus a thaibhiú nó a athsheinm agus tacú leis na míreanna sin trí ostinati rithimeacha/séise/armónacha a chruthú lena dtionlacan<br>**1.2** píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach<br>**1.3** tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin<br>**1.4** cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise<br>**1.12** a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán. | **2.1** triail a bhaint as cineálacha éagsúla fuaimeanna a dhéanamh ar fhoinse fuaime agus tobchumadh a bhunú air agus píosa gairid a bhreacadh a chorpraíonn na fuaimeanna trí léiriúcháin shiombalacha a chumadh do na fuaimeanna sin<br>**2.2** ráiteas ceoil (amhail rapáil nó gligín fógraíochta) a chruthú faoi cheist thráthúil nó imeacht reatha agus cuspóir agus forbairt an ráitis a chomhroinnt le daoine eile<br>**2.3** sleachta nó móitífeanna/téamaí ó phíosa ceoil a cumadh cheana a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú<br>**2.7** roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna ar thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú. | **3.4** gligín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh<br>**3.5** samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó timpeallachtaí éagsúla<br>**3.9** scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (m.sh. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu. |

# MRB1: PUNANN CHUMADÓIREACHTA: GNÉITHE CÁILÍOCHTA

## GNÍOMHAÍOCHT 9: Aiseolas éifeachtach a chruthú ón dréacht seagucodanna de na Gnéithe Cáilíochta do MRB1 in úsáid

| Na Gnéithe Cáilíochta: Ceol – Punann Chumadóireachta |
| --- |
| **Thar barr ar fad**<br>▪ Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha thar a bheith forbartha ar bhealach atá an-oilte agus sofaisticiúil, agus tá na saothair chumadóireachta an-úrnua agus samhlaíoch dá bharr<br>▪ Tá fianaise an-láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>▪ Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir an-soiléir acu, agus cuireadh i gcrích go hiomlán iad dá bhfaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>▪ Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha an-fhorbartha ar bhealach atá oilte agus sofaisticiúil, agus tá na saothair chumadóireachta úrnua agus samhlaíoch dá bharr<br>▪ Tá fianaise láidir ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>▪ Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir beartaithe acu, agus cuireadh i gcrích go han-mhaith iad dá bhfaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>▪ Tá na coincheapa séise, rithimeacha nó armónacha forbartha go maith, agus tá fianaise ar roinnt úrnuachta agus samhlaíochta sna saothair chumadóireachta dá bharr<br>▪ Tá tuiscint leordhóthanach ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh<br>▪ Ceapadh na píosaí ceoil agus cuspóir acu, agus cuireadh i gcrích go maith iad dá bhfaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>▪ Níl na coincheapa séise, rithimeacha ná armónacha sách forbartha, agus tá easpa úrnuachta agus samhlaíochta sna saothair chumadóireachta dá bharr<br>▪ Tá easpa fianaise ar thuiscint ar oiriúnacht na n-uirlisí/na n-éifeachtaí/an mheáin/an tseánra a roghnaíodh agus neamhleanúnachas eatarthu<br>▪ Níl cuspóir ag na píosaí ceoil, agus is beag comaoin ná feasacht a léirítear ar an bhfaighteoir/lucht éisteachta beartaithe. |

# NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE A CHUR I NGNÍOMH I DO CHLEACHTAS

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir

An lucht éisteachta/féachana a chur ar an eolas faoina mbeidh ar siúl ag an scoláire sa taibhiú atá ag teacht aníos (sa Scrúdú Praicticiúil).

Ábhar an taibhithe a mhaisiú

Intreoir ghairid faoin gcumadóir / scríbhneoir

Comhthéacs Ceoil

Clostáscairí

Solúbthacht sa struchtúr

Ról an scoláire i dtaibhiú grúpa

## Gníomhaíocht 10: Déan do mhachnamh ar léiriú praiticiúil ár n-ábhar gíotáraí agus léigh na ceisteanna seo a leanas

Cé a chum an píosa seo? ________________________________________

Cén fáth ar chum an cumadóir/cumadóir amhrán an ceol seo? __________

Mura bhfuil an cumadóir nó cumadóir amhrán ar eolas (mar a tharlaíonn i gcás roinnt ceol traidisiúnta nó ceol tíre mar shampla), cén cineál píosa uirlise nó gutha é seo?

__________________________________________

Cé hiad na heiseamláirí cáiliúla den chineál seo ceol traidisiúnta nó tíre?

_____________________________________________________________

Céard a bhí ag tarlú i dtír an chumadóra nuair a cumadh an saothar seo?

_____________________________________________________________

An dtagann an píosa seo leis na saothair eile a cumadh nó a bailíodh thart ar an am céanna? _____________________________________________

Céard é an pointe is spéisiúla sa phíosa seo dar liom? ________________

Céard air a dtreoróidh mé aird an éisteora? _________________________

Céard í nó cá dtarlaíonn an chuid is fearr liom sa phíosa seo?

# MRB2: NÓTA CLÁIR: GNÉITHE CÁILÍOCHTA

## Gníomhaíocht 11: Cad iad na Gnéithe Cáilíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun aiseolas éifeachtach a scafláil?

| Na Gnéithe Cáilíochta: Ceol: Nóta Cláir |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br>▪ Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir ar an-ardchaighdeán, beacht, suimiúil agus an-spéisiúil agus tugtar léargais an-mhionsonraithe i dteannta tacaíochtaí cuimsitheacha don éisteoir<br>▪ Tugtar eolas domhain agus an-mhionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair<br>▪ Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal an-ard tionscnaíochta sa taighde. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>▪ Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir beacht, suimiúil, spéisiúil agus an-soiléir, agus tugtar léargais mhionsonraithe i dteannta tacaíochtaí an-mhaith don éisteoir<br>▪ Tugtar eolas domhain agus mionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair<br>▪ Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal ard tionscnaíochta sa taighde. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>▪ Tugtar roinnt eolas agus sonraí spéisiúla faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar roinnt léargas i dteannta tacaíochtaí maithe don éisteoir<br>▪ Tugtar dóthain eolais agus cúlra ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair<br>▪ Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle roinnt tionscnaíochta sa taighde. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>▪ Tugtar eolas agus sonraí teoranta faoi na píosaí sa Nóta Cláir agus is beag léargas, más ann ar chor ar bith dó, a thugtar mar thacaíocht don éisteoir<br>▪ Tugtar eolas agus cúlra teoranta ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair<br>▪ Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle easpa fianaise ar thaighde nó ar léitheoireacht neamhspleách. |

# AN CEOL A AIMSIÚ INÁR GCUID TORTHAÍ FOGHLAMA

3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs



# Der Erlkönig

## Franz Schubert - music
## Goethe - words

| German | English |
|---|---|
| Wer reitet so spät durch Nacht und Wind?<br>Es ist der Vater mit seinem Kind;<br>Er hat den Knaben wohl in dem Arm,<br>Er faßt ihn sicher, er hält ihn warm. | Who rides, so late, through night and wind?<br>It is the father with his child.<br>He has the boy well in his arm,<br>He holds him safely, he keeps him warm. |
| "Mein Sohn, was birgst du so bang dein Gesicht?"<br>"Siehst, Vater, du den Erlkönig nicht?<br>Den Erlenkönig mit Kron' und Schweif?"<br>"Mein Sohn, es ist ein Nebelstreif." | "My son, why do you hide your face so anxiously?"<br>"Father, do you not see the Elfking?<br>The Elfking with crown and tail?"<br>"My son, it's a wisp of fog." |
| "Du liebes Kind, komm, geh mit mir!<br>Gar schöne Spiele spiel'ich mit dir;<br>Manch'bunte Blumen sind an dem Strand,<br>Meine Mutter hat manch gülden Gewand." | "You dear child, come, go with me!<br>Very lovely games I'll play with you;<br>Some colorful flowers are on the beach,<br>My mother has some golden robes." |
| "Mein Vater, mein Vater, und hörest du nicht,<br>Was Erlenkönig mir leise verspricht?"<br>"Sei ruhig, bleibe ruhig, mein Kind;<br>In dürren Blättern säuselt der Wind." | "My father, my father, and don't you hear<br>What the Elfking quietly promises me?"<br>"Be calm, stay calm, my child;<br>The wind is rustling through the withered leaves." |
| "Willst, fainer Knabe, du mit mir gehn?<br>Meine Töchter sollen dich warten schön;<br>Meine Töchter führen den nächtlichen Reihn,<br>Und wiegen und tanzen und singen dich ein." | "Do you want to come with me, pretty boy?<br>My daughters shall wait on you finely;<br>My daughters will lead the nightly dance,<br>And rock and dance and sing you to sleep." |
| "Mein Vater, mein Vater, und siehst du nicht dort<br>Erlkönigs Töchter am düstern Ort?"<br>"Mein sohn, mein Sohn, ich seh es genau:<br>Es scheinen die alten Weiden so grau." | "My father, my father, and don't you see there<br>The Elfking's daughters in the gloomy place?"<br>"My son, my son, I see it clearly:<br>There shimmer the old willows so grey." |
| "Ich liebe dich, mich reizt deine schöne Gestalt;<br>Und bist du nicht willig, so brauch ich Gewalt."<br>"Mein Vater, mein Vater, jetzt faßt er mich an!<br>Erlkönig hat mir ein Leids getan!" | "I love you, your beautiful form entices me;<br>And if you're not willing, then I will use force."<br>"My father, my father, he's grabbing me now!<br>The Elfking has done me harm!" |
| Dem Vater grauset's, er reitet geschwind,<br>Er hält in Armen das ächzende Kind,<br>Erreicht den Hof mit Müh'und Not;<br>In seinen Armen das Kind war tot. | It horrifies the father; he swiftly rides on,<br>He holds the moaning child in his arms,<br>Reaches the farm with trouble and hardship;<br>In his arms, the child was dead. |

# PLEANÁIL AG ÚSÁID NA mBRIATHRA GNÍMH

*'Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach'*

Ceol na Sraithe Sóisearaí, ich.25

## Gníomhaíocht 12a: Gluais de bhriathra gnímh

| Briathra Gnímh | Sainmhíniú: Gluais de bhriathra gnímh | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Beachtaigh | Feabhas a dhéanamh trí idirdhealuithe míne nó gnéithe ceoil a chur isteach. | 2.5 saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl |
| Idirdhealaigh | Na difríochtaí a shoiléiriú idir dhá choincheap nó dhá ghné nó níos mó | 2.9 idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh |

## Gníomhaíocht 12b: Conas a léireofaí an fhoghlaim do cheann amháin den dá bhriathar gnímh seo nó den dá cheann i do rang ceoil?

# CEOL AR LÍNE A ROCHTAIN AGUS A ROINNT

**Spotify**

Is seirbhís sruthaithe ceoil é Spotify áit inar féidir le húsáideoirí seinnliostaí agus rianta a chruthú agus a chur in eagar agus a roinnt ar na meáin shóisialta agus seinnliostaí a dhéanamh i gcomhar le daoine eile.

Is féidir teacht ar os cionn 35 milliún amhrán ar Spotify. I mí Iúil 2018, bhí 180 milliún úsáideoir gníomhach ar bhonn míosúil, agus 83 milliún síntiúsóir ann a íocann táille.

Murab ionann is díolacháin fhisiceacha nó íoslódáilte, a íocann praghas áirithe in aghaidh an amhráin nó an albaim leis na ceoltóirí, íocann Spotify dleachtanna bunaithe ar líon amhrán nó sruth de chuid an cheoltóra a sheinntear.

**SoundCloud**

Is ardán seachadta fuaime ar líne é SoundCloud agus suíomh gréasáin a roinneann ceol a cheadaíonn dá úsáideoirí ceol fuaime a uaslódáil, a chur chun cinn agus a roinnt. Cruthaíodh ar dtús é chun deis a thabhairt do cheoltóirí comhoibriú trína gcuid taifead a roinnt agus a phlé, ach d'athraigh sé ó bhonn agus tá sé anois ina uirlís foilseoireachta chun ceol a scaipeadh.

**YouTube**

Is suíomh roinnte físeán é Youtube a cruthaíodh i mí Feabhra 2005. Ceadaíonn YouTube d'úsáideoirí breathnú ar fhíseáin, iad a uaslódáil, a rátáil, a roinnt, a chur lena rogha is fearr, tuairisciú orthu agus tuairim a nochtadh fúthu agus clárú le húsáideoirí eile. Ó mhí Feabhra 2017 ar aghaidh, breathnaítear ar bhilliún uair an chloig d'ábhar físe gach lá ar YouTube agus ó mhí Lúnasa 2018 ar aghaidh, aithníodh é ar an dara suíomh is ansa le daoine ar fud an domhain.

**MuseScore**

Is scríbhneoir scóir saor in aisce é MuseScore atá ar aon dul le Finale agus le Sibelius, a thacaíonn le réimse leathan formáidí comhad agus modhanna ionchuir. Is bogearra foinse oscailte agus saor é. Ceadaíonn an ghné Connect atá ag MuseScore d'úsáideoirí MuseScore a gcuid ceoil a fhoilsiú agus a roinnt ar líne trí MuseScore.com

# AN CEOL A AIMSIÚ INÁR GCUID TORTHAÍ FOGHLAMA

## Gníomhaíocht 13:
## Cé acu toradh foghlama atá le feiceáil anseo ón Snáithe Nuáil agus Samhlaigh? ______________________________




**Éist leis na sleachta seo a leanas agus tabhair do thuairim faoi stíl gach cinn acu?**

RTÉ lyric fm

Acmhainn ar fáil le híoslódáil ón suíomh gréasáin againn

Buíochas ó chroí ónár gcomhghleacaithe RTE Lyric FM

---

## Gníomhaíocht 14:
## Cén fhoghlaim atá ag croílár an toraidh fhoghlama seo?

**1.13. comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile**






______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Gníomhaíochtaí ar lean: Ceangail an fhoghlaim ón toradh foghlama seo a leanas ar fud na 3 snáithe idircheangailte chun tús a chur le haonaid nua foghlama a thiomsú.**

2.5 saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl

**Ceangail an fhoghlaim**

3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs

**Ceangail an fhoghlaim**

2.3 sleachta/móitífeanna/téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú

**Ceangail an fhoghlaim**

1.13 comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile

**Ceangail an fhoghlaim**

3.10 plé a dhéanamh ar phrionsabal na gceart ceoil agus míniú a thabhairt maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar chomhroinnt agus ar fhoilsiú an cheoil

**Ceangail an fhoghlaim**

## Notaí

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

# GLUAIS TÉARMAÍOCHTA

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna):** Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Tá cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna gnéithe cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás Measúnú Rangbhunaithe déantar tuairim an mhúinteora a thaifead i gcomhair Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus úsáidtear í sa tuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí.

**Gnéithe Cáilíochta**: (Ceol na Sraithe Sóisearaí p.30)

Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

**Measúnú Foirmitheach: (An Chreat, lch. 31-32)** Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthabhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Fabhróidh ról an mhúinteora agus an t-idirghníomh sa chaidreamh idir an múinteoir agus an scoláire chun an saghas foghlama atá beartaithe thuas a éascú. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar mheasúnú a chomhtháthú ina gcuid teagaisc chun go mbeidh ar a gcumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí ina gcuid foghlama agus tacú leo machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí** (An Chreat, lch. 48) In PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, Achair fhoghlama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

**Intinn Foghlama agus and Torthaí Foghlama**
(CNCM Gluais Téarmaíochta)
**Intinn Foghlama:**
Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfeadh siad, agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

**Torthaí Foghlama**
Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

**Athbhreithniú ar Fhoglaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFM)** (p.39-40)
I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaigh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh said ar chomhthuisint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí.

**Critéir Ratha**
D'ainneoin go bhfímid intinní foghlama trínár gcuid cáipéisí pleanála, ní bhímid i gcónaí maith ag roinnt intinní foghlama agus critéir ratha lenár gcuid scoláirí. Ag an am céanna, is mian linn ár gcuid scoláirí a bheith féin-inspreagtha agus díocasach dícheallach i mbun a gcuid oibre.

**Measúnú Suimitheach**
Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

**Aonad Foghlama**
Nascann aonad foghlama torthaí foghlama a leagann amach go soiléir an méid a ba chóir a bheith ar eolas, intuigthe agus indéanta ag scoláirí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc laistigh den aonad sin

# Príomhshuíomhanna a ndearnadh tagairt dóibh sa Cheardlann




Is é seo an suíomh baile do sheirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. Ar an leathanach ceoil, feicfidh tú sé theideal romhat amach. Tá naisc sna Príomhdhoiciméid chuig an g**Creat don tSraith Shóisearach 2015**, Sonraíocht do Cheol na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte Measúnaithe, agus sraith de chuid CNCM ***Focus on Learning***, naisc chuig PPT agus acmhainní ó Cheardlanna FGL, Gréasáin agus TDF. Cuirfear le Pleanáil, Measúnú agus Acmhainní de réir a chéile.




Tiocfaidh tú ar an tSonraíocht nua don Cheol agus ar na Treoirlínte Measúnaithe don dá Mheasúnú Rangbhunaithe ar an suíomh.

Is anseo leis a chuirfear samplaí anótáilte d'obair na scoláirí nuair a bheidh siad sin ar fáil.




Ar an suíomh **www.ncca.ie**; tiocfaidh tú ar Leabhráin um Mheasúnú Leanúnach le Focás ar Fhoghlaim don tSraith Shóisearach. Cuimsíonn na leabhráin seo réimse de thacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a thugann tuilleadh tacaíochta do mhúinteoirí ceoil agus iad i mbun measúnú foirmitheach ina gcleachtas ranga. Tá eolas agus treoirlínte ann freisin maidir le Tuairisciú agus cruinnithe AFMÁ.

## Acrainmneacha Mínithe

**CNC** – Cumann Náisiúnta na gCór

**MRB** – Measúnuithe Rangbhunaithe

**DES** – An Roinn Oideachais agus Scileanna

**TDF** – Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama

**IMRO** – Irish Music Rights Organisation

**PGss** – Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

**JCSP** – Junior Certificate School Programme

**JCT** – An tSraith do Mhúinteoirí

**CFL1nna** – Treoirlínte maidir le Cláir Foghlama Leibhéal 1

**CFL2nna** – Treoirlínte maidir le Cláir Foghlama Leibhéal 2

**FMS** – Féinmheastóireachta Scoile 2016

**CNCM** – An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

**CNIM** – An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

**MNC -** Múinteoir Nuacháilithe

**AFE** – Achair fhoghlama eile

**SFGM** – An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

**PLE** – Eispéiris um Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí

**CMC** – Cumann Múinteoirí Ceoil Iar-bhunscoile

**CSC** – Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**AFM** – Athbhreithniú ar Fhoglaim agus ar Mheasúnú Ábhair

**RF** - Ráitis foghlama

## Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama – I measc na mbogearraí a usáideadh i rith an lae inniu bhí….

| **TDF** | **Feidhmiú** |
|---|---|
| Padlet | Is féidir guth an scoláire a ghabháil láithreach, ardán a thabhairt d'aiseolas éifeachtach agus comhsmaonte an ghrúpa a eagrú |
| QR Codes | Agus naisc á roinnt le hacmhainní ar líne, bíonn sé éasca leis na cóid MF (mearfhreagartha). Oibríonn siad le fearas ar bith a bhfuil ceamara aige (cé go bhféadfadh aip bhreise ag teastáil chun é a chur ag feidhmiú) |
| Videoscribe | Is féidir do theachtaireacht a chur chun tosaigh amhail is go bhfuil duine á lámhtharraingt os do chomhair amach |
| MuseScore | Ullmhaigh agus cuir i láthair do chuid scóir cheoil ag úsáid na huirlise ilardáin seo (PC nó Mac) agus éist ar ais leis láithreach. Tacaíonn sé le formhór na bhfoirmeacha nodaireachta agus TAB |
| iMovie (Mac/iPad)<br>Windows Movie Maker (PC) | Bearr/cuir in eagar do chuid físeán go furasta agus cuir téacs, beochana nó ceol leo |


**Sonraí teagmhála**

Administrative Office:
Monaghan Ed. Centre,
Armagh Road,
Monaghan.
www.metc.ie

Director's Office:
LMETB,
Chapel Street,
Dundalk

Suíomh Gréasáin www.jct.ie
Déan teagmháil linn info@jct.ie
Lean sinn ar an gcóras Giolcaireachta Twitter @JCforTeachers @JctMusicEdu


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

***Míle buíochas leat as do rannpháirtíocht inniu!***

**Foireann Ceoil SSM**